**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/242 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Feabhra 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Lúnasa 2011, cuireadh Mohammed Makhlouf le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme 2011/488/CBES ón gComhairle ([2]).

(2) De bhun Chinneadh 2013/255/CBES, coinníodh Mohammed Makhlouf ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) An 12 Meán Fómhair 2020, fuair Mohammed Makhlouf bás. Ós rud é gur baill de theaghlach Makhlouf iad a oidhrí uile, tá baol bunúsach ann go n-úsáidfear na sócmhainní arna bhfáil le hoidhreacht chun tacú le gníomhaíochtaí réimeas na Siria agus go rachaidh siad díreach isteach i seilbh an réimis, rud a d'fhéadfadh cur leis an gcur faoi chois le foréigean atá á dhéanamh ag an réimeas ar an bpobal sibhialtach.

(4) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus aird againn ar an méid thuas, ba cheart cúigear ball breise de theaghlach Makhlouf a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/488/CBES ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/273/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 199, 2.8.2011, lch. 74).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "318. | Hala Tarif ALMAGHOUT<br>هلا طريف الماغوط | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 30.6.1980 nó 30.7.1980. | Baintreach Mohammed Makhlouf. Ball de theaghlach Makhlouf. | 21.2.2022 |
| 319. | Ghada Adib MHANNA<br>غاده أديب مهنا | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 22.5.1948 | Baintreach Mohammed Makhlouf. Ball de theaghlach Makhlouf. | 21.2.2022 |
| 320 | Shalaa Mohammed MAKHLOUF<br>شهلاء محمد مخلوف | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 22.3.1967 | Iníon Mohammed Makhlouf. Ball de theaghlach Makhlouf. | 21.2.2022 |
| 321 | Kinda Mohammed MAKHLOUF<br>كندا محمد مخلوف | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 25.9.1977 | Iníon Mohammed Makhlouf. Ball de theaghlach Makhlouf | 21.2.2022 |
| 322. | Sara Mohammed MAKHLOUF<br>ساره محمد مخلوف | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 27.8.1984 | Iníon Mohammed Makhlouf. Ball de theaghlach Makhlouf. | 21.2.2022" |